Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Aibreán 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0284(COD)**

8088/19
ADD 1

CODEC 844
PI 63
RECH 205
EDUC 189
COMPET 302
AUDIO 59
CULT 64
DIGIT 72
TELECOM 159

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú cóipchirt agus ceart gaolmhar is infheidhme maidir le cineálacha áirithe tarchuir ar líne de chuid eagraíochtaí craoltóireachta agus maidir le hatarchur clár teilifíse agus raidió agus lena leasaítear Treoir 93/83/CEE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tugann an Coimisiún dá aire gurb amhlaidh, leis an téacs a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle den Treoir lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú cóipchirt agus ceart gaolmhar is infheidhme maidir le cineálacha áirithe tarchuir ar líne de chuid eagraíochtaí craoltóireachta agus maidir le hatarchur clár teilifíse agus raidió agus lena leasaítear Treoir 93/83/CEE ón gComhairle, a chuirtear comhbhunús dlí Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, CFAE, in ionad an bhunúis dlí arna choinneáil i dtogra an Choimisiúin (Airteagal 114 CFAE).

Measann an Coimisiún gur bunús dlí sonrach iad Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 CFAE, agus gur féidir a mheas, dá bhrí sin, gur "*lex specialis*" iad, maidir le treoracha i ndáil le rochtain ar ghníomhaíochtaí daoine féinfhostaithe. Maidir le reachtaíocht a théann thar an raon feidhme sin, ba cheart agus ba chuí í a bhunú ar an mbunús dlí ginearálta a bhaineann leis an margadh inmheánach a bhaint amach (Airteagal 114 CFAE). D'fhéadfaí an dá bhunús dlí (Airteagal 114, agus Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 CFAE) a úsáid in éineacht freisin, dá mba ghá.

De mheon an chomhréitigh agus d'fhonn go ndéanfaidh an tAontas an togra a ghlacadh láithreach, tacaíonn an Coimisiún leis an téacs deiridh. Mar sin féin, is oth leis gur baineadh Airteagal 114 CFAE mar an bunús dlí leis an Treoir agus athdhearbhaíonn sé go n-úsáidfear an fhoráil sin de CFAE amach anseo i reachtaíocht maidir leis an margadh inmheánach i ndáil le saincheisteanna seachas rochtain ar ghníomhaíochtaí daoine féinfhostaithe.